Gaelscoil Thaobh na Coille

NUACHTLITIR

# Gaelscoil Thaobh na Coille

31/03/2017

## Comórtas Claisceadail na Céime



Mar chuid d'imeachtaí Seachtain na Gaeilge d'eagraigh Gaelscoil Thaobh na Coille comórtas Claisceadail do dhaltaí R4 'sna scoileanna logánta. S'éard a bhí i gceist ná gur chan gach rang 2 amhrán traidisiúnta Gaeilge. An rang ar fad a bhí ag canadh & is amhránaíocht gan tionlacan a bhí i gceist. Bhí an comórtas ar siúl i nGaelscoil Thaobh na Coille ar an Mháirt an 14 Márta agus bhí an-lá amhránaíochta go deo againn. Tugadh ard-mholadh do na páistí as an amhránaíocht álainn bhinn a rinneadar & as cé chomh maith is a bhí focail na n-amhrán ar eolas acu. Is measc na n-amhrán a canadh bhí: Buachaill ón Éirne, Téir Abhaile Riú, Trasna na dTonnta, Óró Sé do Bheatha Bhaile, Mo Ghile Mear & Bean Pháidín. Cé gur beag marc a bhí idir na claisceadail éagsúla bhí an bua ag R4B Gaelscoil Thaobh na Coille ar an lá. Comhgháirdeachas leo agus lena múinteoir ranga Ciara Ní Bháille. Comhgháirdeachas freisin le daltaí R4 ó Scoil Mhuire, Taobh na Coille, R4 Bunscoil Eaglais na hÉireann, Cill Tiarnáin & R4A Gaelscoil Thaobh na Coille – bhíodar ar fad go híontach. D'éirigh go han-mhaith leis an imeacht seo agus táimid ag súil le Comórtas Claisceadail na Céime a reachtáil ar bhonn bliaintiúil amach anseo.

*As part of our 'Seachtain na Gaeilge' events Gaelscoil Thaobh na Coille hosted a choral singing competition open to pupils of 4th class in the local schools. Each 4th class sang two traditional Irish songs (as Gaeilge). Each class sang as a choir and they sang unaccompanied. The competition took place in Gaelscoil Thaobh na Coille on Tuesday the 14th of March and a great day of music & song was had by all. The children were praised for their beautiful singing and on how well they knew the words of the songs. The songs sung on the day included some Irish songs you might remember from your own school days - songs such as: Buachaill ón Éirne, Téir Abhaile Riú, Trasna na dTonnta, Óró Sé do Bheatha Bhaile, Mo Ghile Mear & Bean Pháidín. Although there was very little between the choirs, R4B from Gaelscoil Thaobh na Coille were the winners. Congratulations to them and their class teacher Ciara Ní Bháille. Congratulations also to the 4th class pupils from St Marys, Sandyford, Church of Ireland NS, Kilternan and R4A from Gaelscoil Thaobh na Coille – they were all great. We hope that this competition will become an annual event.*
















Chaith Éabha Ní Mhórdha (R5B), a deirfiúr Seána(R4B) agus Céide Nic Pháidín (R5B) trí lá roimh an Nollaig ag dul ó dhoras go doras in eastáit Grianán Fidh & Beallairmín ag canadh agus ag seinnim foinn ar an bhfeadóg mhór chun airgead a bhailiú d'fhondúireacht LauraLynn. Carthanas a chabhraíonn le páistí tinn atá i LauraLynn. Bhailíodar €447 san iomlán. Maith sibh, a cháilíní! Taimíd an-bhródúil asaibh.

*Éabha Ní Mhórdha (R5B), her sister Séana Ní Mhórdha (R4B) and Céide Nic Pháidín (R5B) spent three chilly evenings carolling from door to door in Grianan Fidh and Belarmine to raise money for the LauaLynn foundation in the lead up to Christmas. Many parents from the school donated generously. The girls raised €447 euro for LauraLynn, a charity that helps sick children. Maith sibh a chailíní.*




## Ceolchoirm Cór Náisiúnta na nÓg

### National Children's Choir Regional Concert

Bhí an-oíche go deo ag daltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí R5 & R6 amuigh sa Lárionad Náisiúnta Cispheile i dTamhlacht nuair a chan daltaí R5 & R6 ar fad mar chuid d'ollchór 500 dalta ó 7 mbunscoil éagsúil ó Bhaile Átha Cliath. Bhí an t-amhránaíocht do-chreidthe binn agus fíor-álainn. Tá sé deacair a chuir i bhfocal cé chomh deas is a bhí an oíche agus bhíomar fíor, fíor-bhródúil as daltaí na scoile s'againne as cé chomh béasach, dea-mhúinte is a bhí siad ar an oíche agus as cé chomh maith is a chanadar agus a leanadar treoracha stiúrthóir na hoíche, Mairéad Déiseach. Tá súil againn ceolchoirm a chuir ar siúl do thuismitheoirí uile na scoile níos déanaí sa bhliain.

*The pupils of R5 & R6 , their teachers and parents had a truly wonderful evening in the National Basketball Arena in Tallaght on Tuesday where the pupils performed as part of a massed choir of 500 pupils from 7 different school from all over Dublin. The singing was incredibly beautiful. It is hard to put into words how fantastic the evening was and we were extremely proud of our pupils. They were so mannerly and well behaved and they sang their hearts out and followed the conductor's every instruction. We hope to put on a concert for all parents later on in the year.*



## Annalise Murphy ag teacht go Gaelscoil Thaobh na Coille

Is cúis onóra don scoil go mbeidh Annalise Murphy – buaiteoir bonn airgead seoltóireachta 'sna Cluichí Oilimpeacha sa Bhrasaíl – ag teacht ar cuairt chun na scoile Dé Luain 3 Aibreán le labhairt leis na páistí faoi seoltóireacht. Beidh Cathaoirleach, Co.Co. Dún Laoghai-re Ráth an Dúin, an Comhairleoir Cormac Devlin, in éindí léi.



*We are delighted to welcome Olympic silver medallist, Annalise Murphy, to the school on Monday 3rd of April to speak to the senior pupils about her experience of winning a silver medal in sailing at the 2016 Olympic Games in Brazil. Joining her on her visit will be the Chairperson of Dún Laoghaire Rathdown County Council, Cllr. Cormac Devlin.*

## Bord Bainistíochta Board of Management

Beallairmín, An Chéim,
B.Á.C 18,
Guthán 01 2950000
Facs 01 2945902
r-phost:gaelscoil@taobhnacoille.ie

Conor Mac Daid, (Cathaoirleach)
Emer Nic Chonchradha (Príomhoide)
Oilibhéar Ó hAodha, Sharon Ní Cheallaigh, Turlach Ó Meachair, Rónán Mac Niallais, Ailín Ní Dhomhnaill, Lorcán Mac Gabhann

TOGHACHÁN IONADAÍ na nAITHREACHA ar an mBORD BAINISTÍOCHTA

ELECTION OF **FATHER'S** REPRESENTATIVES **ON THE** BOARD OF MANAGEMENT

Ceapadh Turlach Ó Meachair (Athair le Cael R6A, Aoibheann R3B, Saoirse N2A) mar ionadaithe na n-aithreacha ar an mBord Bainistíochta ag cruinniú Cinn Bhliana Coiste na dTuismitheoirí aréir. Míle buíochas le Darragh Breathnach, Joe Ó Glacáin agus Daithí Mac Riobaird a chuir a n-ainmneacha chun cinn freisin agus a bhí san iomaíocht sa toghachán. Níos luaithe sa bhliain toghadh Rónán Mac Niallais le bheith mar ionadaí na múinteoirí ar an mBord Bainistíochta nuair a chuaigh Fiona Ní Chléirigh amach ar scoir.

*Turlach Ó Meachair (father of Cael R6A, Aoibheann R3B, Saoirse N2A) was elected as the father's representatives on the Board of Management at an election held during Coiste na dTuismitheoirí's AGM last night. Míle buíochas to Darragh Breathnach, Joe Ó Glacáin and Daithí Mac Riobaird whose names were put forward and who participated in the election. Earlier on in the year Rónán Mac Niallais was elected the teacher's representative on the Board, replacing Fiona Ní Chléirigh who retired in January.*

## Comórtas Iomána Inti

### Indoor Hurling Competition

Comhghháirdeas le múinteoirí & daltaí R3A & R3B as an sár-imirt a rinneadar i gComórtas Iomána Inti Andy Gibbons. Imríodh na craobhacha ar an gCéadaoin an 29 Márta i Halla CLG Naomh Olaf. Comhghairdeas oll-mhór le R3A as an craobh chluiche a bhaint amach. Bhí an bua acu in aghaidh Bunscoil Naomh Olaf le scór 10 - 3. Bhí ríméad ar na daltaí an corn a thabhairt ar ais leo go Gaelscoil Thaobh na Coille don cúigiú bhliain as a chéile!

*Congratulations to the teachers & pupils of R3A & R3B for their great participation in the Andy Gibbons indoor hurling competition. The finals were played on Wednesday 29th of March in the Naomh Olaf GAA Clubhouse. A huge congratulations in particular to R3A for winning the final against St Olaf's NS with a score of 10 - 3. The pupils were delighted to bring the cup back with them to Gaelscoil Thaobh na Coille for the fifth year running!*



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

## Áiseanna Gaeilge




Sa Scoil - ar an Luan 3 Aibreán

Beidh taispeántas taistil COGG ag tabhairt cuairte ar ár scoil:
Dé Luain 3ú Aibreáin, 2017

NÓTAÍ TÁBHACHTACHA

- Veain atá ann agus is féidir le suas le ceathrar a bheith ann ag am amháin.
- Beidh an veain ag an scoil ar feadh cúpla uair a' chloig.
- Taispeántas atá ann. Ní dhíoltar aon rud ach is féidir ordaithe a ghlacadh.
- Is do dhaoine fásta amháin an taispeántas - múinteoirí & tuistí.
- Níl cead ag aon pháiste dul ar bord an veain.

Beidh fáilte roimh thuismitheoirí teacht ar bord agus amharc ar an réimse leathan áiseanna – leabhair, póstaeir, CDanna, pinn, greamáin, cluichí agus araile – atá le fáil i nGaeilge.

*COGG's travelling display of Irish language resources will be visiting our school:*
*Dé Luain 3ú Aibreáin 2017*

*IMPORTANT POINTS*

- *The display unit is a van and up to 4 people can go on board at one time .*
- *The van will be at the school for at least an hour .*
- *It is a display . Nothing can be bought but orders may be accepted .*
- *The display is for adults only – teachers and parents .*
- *No student is allowed on board the van .*

*Parents are welcome to board the van and look at the wide range of resources – books, posters, Cds, pens, stickers, games etc – all available in Irish.*

## Siansa Gael Linn Go n-Eirí go geal Lenár n-Iarscoláirí Wishing our past-pupils the best of luck



Reachtáileann Gael Linn comórtas do ghrúpaí traidisiúnta iarbhunscoile. **SIANSA GAEL LINN** is teideal don chomórtas seo. Tá sé á reáchtáil ag **Gael Linn** le tacaíocht ó **RTÉ Raidió na Gaeltachta** agus **Irish Music Magazine**, chun spreagadh agus ardán a thabhairt don chuid is fearr de ógthallann cheoil agus amhránaíochta traidisiúnta na tíre. Iarrtar ar ghrúpaí teaglaim leanúnach cheoil agus amhránaíochta traidisiúnta **idir 10 agus 12 nóiméad** a chuir le chéile. Roghnaíodh 8 grúpa chun páirt a ghlacadh sa Chraobh. Guímíd an-rath go deo ar ár n-iarrscoláirí Tiarnán Ó Conaill, Breandán Ó Conaill, Emma de Róiste, Lauren Breathnach & Róisín Nic Dhomhnaill a bheidh ag iomaíocht sa chraobh ar an Domhnach seo ag teacht. Tháinig siad isteach chun na scoile i rith seachtain na Gaeilge agus sheinneadar do dhaltaí na scoile. Bhíodar do-chreidthe. Táimíd thar a bheith bródúil astu agus táimíd cinnte go n-éireoidh go geal leo.
Reáchtálfar an Chraobh sa **Cheoláras Náisiúnta** i mBaile Átha Cliath ar an **Domhnach, 2 Aibreán**, **2017**. Déanfaidh RTÉ Raidió na Gaeltachta craoladh beo ar an ócáid.

***Siansa*** *is one of the country's most prestigious competitions for young traditional Irish music and singing groups. Organised by Gael Linn with support from* ***RTÉ Raidió na Gaeltachta*** *and Irish Music Magazine, Siansa provides a platform for talented teenage groups who aim to emulate groups such as Téada, Altan, Danú, Dervish etc. Groups are required to put together a 10 to 12 minute continous programme of traditional music, together with one song in Irish in the traditional style, with new and imaginative arrangements. 8 groups have been chosen to contest the final.*
*We wish our past-pupils Tiarnán Ó Conaill, Breandán Ó Conaill, Emma de Róiste, Lauren Breathnach & Róisín Nic Dhomhnaill the very best of luck as they compete in the final on Sunday. They came in to school to perform for the pupils during seachtain na Gaeilge and they were absolutely fantastic - each and every one of them a talented musician in their own right. We are extremely proud of them and we're sure they'll do extremely well.*
*The SIANSA GAEL LINN 2017 Final will be held in the* ***National Concert Hall, Dublin*** *on* ***Sunday 2 April 2017****. RTÉ Raidió na Gaeltachta will broadcast the concert live.*

## Traenáil Iomána Hurling Training

Seo a leanas na socruithe maidir le traenáil iomána agus camógaíochta do na hard ranganna: *The following are the training arrangements for the hurling and camogie panels.*

**Painéal Iomána/ Hurling Panel**
Gach maidin Luan, 8.15-8.45am ar pháirc uileaimseartha na scoile
*Monday mornings, 8.15-8.45am on the school's all-weather pitch*
**Painéal Camógaíochta/ Camogie Panel**
Gach maidin Mháirt, 8.15-8.45am ar pháirc uileaimseartha na scoile
*Tuesday mornings, 8.15-88.45am on the school's all-weather pitch*



Ba cheart go mbeadh na páistí i láthair ó 8.05am le téamh suas a dhéanamh.

*Players should arrive by 8.05am in order to warm up properly.*



Comhgháirdeas mór leis an Múinteoir Eavan Ní Mhuirgheasa agus a fear céile Oisín as breith a n-iníonacha Laoibhse & Éile níos luaithe an tseachtain seo.
*A Huge congratulations to Múinteoir Eavan Ní Mhuirgheasa and her husband Oisín on the birth of their twin girls, Laoibhse & Éile earlier this week.*

## Saoire na Cásca Easter Holidays



**Scoil ag Dúnadh** School Closing
**Aoine**: Friday **07/04/2017**
**12.00 a chlog**
**Ath-oscailt** Re-opening
**Luan** Monday **24/04/2017**

